## Nuachtlitir Meán Fómhair 2013

Fáilte go dtí Nuachtlitir Futa Fata.

### Uinseann Donn

**"Stopaigí ag gleo. Bígí ciúin!" Ó bhó go deo ach is béar cantalach é Uinseann Donn. Bíonn sé seasta ag tabhairt amach , níl uaidh ach luí siar ar an leaba agus dul a chodladh don gheimreadh. Ach sula n-éiríonn leis é sin a dhéanamh, cloiseann sé fuaim a chuirfidh athrú mór ar a shaol. Pictiúrleabhar álainn nua uainn faoi béar crosta a bhfuil croí bog aige. Seo é an chéad pictiúrleabhar ón scríbhneoir agus ceoltóir , Tadhg Mac Dhonnagáin. Is í Írisz Agócs, réalta I saol leabhair na n-óg ina tír dh uchais, an Ungair,a mhaisigh an leabhar.Tá *Uinseann Donn* sna siopaí anois agus ar ár suíomh.**






### An Tríú Comhdháil ar Litríocht agus ar Chultúr na nÓg

**Mionteanga agus Mórscéalta – sin é téama Comhdháil na bliana seo a bheas ar siúl in Instiitiúid Oideachais Marino i mBaile Átha Cliath 20 & 21ú Meán Fómhair. Tá clár leathan leagtha amach don comhdháil le aoíchainteoirí ag teacht ó chian is ó chóngar – ina measc, Agnes Rennie ó Acair na hAlban, comhlacht a bhíonn ag comhoibriú go minic le Futa Fata.**

## Féilte




Tá ***Mountains to Sea*** ***dlr Book Festival*** faoi lán seoil anois i nDún Laoghaire agus i lár an aonaigh tá Patricia Forde a bheas ag cur ceardlann scríbhneoireachta i láthair agus Steve Simpson a bheas ag taispeáint cén chaoi le t-léine a dearadh! Gach eolas anseo.

**Mar chuid de cheiliúradh Oíche Chultúr beidh seisiúin scéalaíochta ar siúl in ionad cúram leanaí *An Bogha Ceatha* Sídheán, An Spideál, Co. na Gaillimhe 20ú Meán Fómhair ag 7in. Tá an ocáid seo saor in aisce agus tá fáilte roimh chách!**

## Comhghairdeas!

**Ba mhaith le Futa Fata comhghairdeas ó chroí a dhéanamh le Elaina O'Neill atá ceaptha mar stiúrthóir nua ar an eagraíocht** Leabhair Pháistí Éireann. **Gach rath ort sa bpost nua Elaina!**

---

**** Leagan Béarla Thíos ****

## Uinseann Donn

Uinseann Donn **is a big cranky bear! All Uinseann wants to do is go to bed for his long winter sleep but a strange and fearful squealing noise disrupts those plans! Children will love this funny story about the cranky bear with a big heart. Written by Tadhg Mac Dhonnagáin and fabulously illustrated by Hungarian artist Írisz Agócs this book is now available in all good bookshops and** online.







## Festivals

**Mountains to Sea dlr Book Festival is well under way. Our own Patricia Forde is in the mix this year presenting a writing workshop and story session. For anyone interested in fashion and art, Steve Simpson will be on hand to create deadly t-shirt designs. Check them out! Click** here **for more information.**

**Closer to our Futa Fata home – author Bridget Bhreathnach will celebrate Culture Night 20th September with a story time session at *Bogha Ceatha* crèche and Montessori in Sidheán, Spiddal Co. Galway. This free event starts at 7pm and all are welcome!**



## The Third Conference on Children's Literature and Culture

**Now in its third year this conference will take place in the Marino Institute of Education, Dublin 20th & 21st of September. The two day event will play host to various guest speakers from different genres of the literary, cultural and media world.**

## Congratulations!

**We would like to extend huge congratulations to Elaina O'Neill who has been appointed new director of Children's Books Ireland! Best of luck in the new role Elaina!  We look forward to working with you!**

Futa Fata ar Facebook | Twitter | YOUTUBE | ar aghaidh |

Futa Fata
An Spidéal
Co. na Gaillimhe

Teil:091-504612
R-Poist: eolas@futafata.ie
www.futafata.ie

*Suíomh Gaeilge is fearr*
*Irish Web Awards 2012*

*Ceart ar cosaint © 2013 All rights reserved*
*Distributors/Dáilitheoirí: Gill & Macmillan/ IES/ Argosy/ Book Nest*

Faigheann Futa Fata tacaíocht leanúnach ó Chlár na Leabhar, Foras na Gaeilge ; ón gComhairle Ealaíon, dá chlár foilsitheoireachta do pháistí ; ó COGG, An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta, dá bhfoilseacháin oideachasúla agus ó thráth go chéile, ó Ealaín na Gaeltachta do thograí éagsúla ealaíne.